

Beartas Frithbhulaíochta

Ráiteas Tosaigh

Deineadh an polasaí seo i rith na scoilbhliana '07/'08 tionscanta ag an nGrúpa Pleanála agus pléite le páirtnéirí an Oideachais (Comhairle na Mac Léinn, Comhairle na dTuismitheoirí, Foireann na Scoile agus an Bord Bainistíochta)

Scóip

Tugann an beartas aghaidh ar iompraíocht bhulaíochta, ciapadh, agus gnéaschiapadh. Baineann an polasaí seo le pobal iomlán na scoile, ina gcaidreamh le daltaí-daltaí, múinteoirí, bainistíocht, an bord bainistíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí, foireann na hoifige agus an fhoireann choimhdeach.

Tá an beartas i bhfeidhm le linn gach gníomhaíocht scoile ina measc:

- Am scoile
- Turais scoile
- Gníomhaíochtaí Seachchuraclaim
- Taithí oibre ceadaithe

Réasúnaíocht

- Tá dualgas ar údarás na scoile Cód Iompraíochta a chur le chéile do mhic léinn sa scoil faoi Alt 23 den Acht Oideachais (Leas) 2000.
- Tá dualgas reachtúil ar na hiontaobhaithe a chinntiú go bhfuil polasaí i bhfeidhm a léiríonn prionsabail agus luachanna fealsúnacht oideachasúil agus religiúnach na scoile.
- Toisc go spreagtar baill iomlán de phobal na scoile a bheith rannpháirteach i bhforbairt, déanamh agus athbhreithniú an pholasaí frithbhulaíochta cothaítear rannpháirtíocht, úinéireacht agus forfheidhmiú ar bheartas beo.

Gaolmhaireacht le spiorad tréitheach na scoile-an ráiteas misin

Ní féidir le forbairt iomlán an duine tarlú gan é/í a chosaint agus tríd an bpolasaí seo a leanúint táimid ag súil go mbeidh timpeallacht shábháilte agus iontaoifa ar fáil le haghaidh foghlama.

Spriocanna/ Cuspóirí

Tá sé mar aidhm againn sa scoil atmaisféar a chruthú a léireoidh go bhfuil meas ar gach duine mar dhuine daonna. Tuillimid an meas seo go nádúrtha mar cheart daonna. Níor chóir go gcuirfí isteach ar aon duine - cibé daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí nó fostaithe uile na scoile.

Roinn A: Sainmhíniú agus Déanamh- Polasaí Bulaíochta

Sainmhíniú ar bhulaíocht: Is éard is bulaíocht ann ná athiompar neamhfhóirsteanach pé acu ó bhéal nó gníomhaíocht fisiciúil nó in aon slí eile go díreach nó go hindíreach, ag duine aonair nó níos mó, i gcoinne duine/daoine, a bhaineann ó cheart an duine/daoine sin dá dhínit phearsanta. Nóta: Níor cheart é seo a mheascadh leis an ngreantaíocht nadúrtha a bhíonn ar siúl mar chuid den ghnáth idirmhalartán sóisialta idir dhaltaí, nó an gnáthbhainistíocht proifisiúnta sa seomra ranga ag múinteoirí.

Chun críche an bheartais seo, cuirtear na téarmaí bulaíochta, ciapadh agus gnéaschiapadh san áireamh chomh maith, a shainmhínítear mar seo a leanas;

- **Ciapadh:** Foirm ar bith iompraíochta nach bhfáiltítear roimpi i ndáil le ceann ar bith de na naoi bhforas a ainmnítear sa reachtaíocht chomhionannais, a chuireann isteach ar dhínit duine mar thoradh air agus a chruthaíonn timpeallacht imeaglaíthe, naimhdeach, táirthe nó maslach don íospartach.
- **Gnéaschiapadh:** Foirm ar bith iompraíochta labhartha, neamhlabhartha nó fisiciúil lena mbaineann gné gnéasach nach bhfáiltítear roimpi, a chuireann isteach ar dhínit duine mar thoradh air agus a chruthaíonn timpeallacht imeaglaíthe, naimhdeach, táirthe nó maslach don íospartach.

Is iad na naoi bhforas atá ann ná: inscne, stádas pósta, stadás teaghlaigh, aois, míchumas, gnéaschlaonadh, cine, reiligiún, agus ballraíocht den lucht siúil.

Na cineálacha iompraíochta lena mbaineann sé leo:

- Deisiú teanga, anaithnid nó a mhalairt.
- Jóc úrghrána, bíodh sé labhartha nó trí ríomhphost, nó téascitheachtaireacht.
- Ansmacht; san áireamh ráitis an-phearsanta nó fogha trí ráfla a scaipeadh, cúlchaint, leath-thagairt nó magadh faoi dea-ainm aonáin.
- Uiríslíú, san áireamh leasainmneacha gránna nó tagairt do chumas oideachais is araile.
- Imeaglú de chinéal ar bith.
- Forrántacht fisiciúil nó forrántacht fisiciúil bagartha.
- Damáiste do mhaoin.
- Sracadh.
- Gothaí.
- Glaonna gutháin/gutháin phóca gan aon chaint.
- Glaonna gutháin/gutháin phóca ionsaitheacha.
- Teachtaireachtaí téacs ionsaitheacha.
- Teachtaireachtaí ionsaitheacha r-phost/suíomh idirlín.
- Táirgeadh, taispeáint nó scaipeadh focail scríofa, pictiúir nó ábhair eile a bhfuil sé mar aidhm acu imeagla a dhéanamh ar dhuine eile.
- Leithlisiú agus imeallú.
- Ciapadh bunaithe ar aon cheann de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais m.sh.gnéaschiapadh, bulaíocht chiníoch is araile.
- Meascán de chineálacha ar bith díobh siúd a ainmníodh.

Cód /Cairt ar Bhulaíocht

- ✓ Tá gach duine sa scoil i dteideal measa agus a bheith saor ó aon saghas bulaíochta.
- ✓ Beidh an scoil chomh gníomhach agus is féidir chun a chinntiú nach dtarlaíonn bulaíocht.
- ✓ Is iompar freagarthach tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhartha bulaíochta.
- ✓ Coimeádfar cód ar gach gníomh bulaíochta a thuairiscítear.
- ✓ Beifear dáiríre faoin gcúram seo. Tabharfaidh an scoil tacaíocht don íospartach agus don bhulaí.
- ✓ Tógfar na céimeanna cuí d'fhonn is iarracht a chinntiú nach leanfaidh sé.

Déanamh an polasaí frithbhulaíochta:

Rinneadh an polasaí seo i gcomhar leis na páirtnéirí oideachais trí:

- Plé agus comhaontú leis na daltaí trí Chomhairle na Mac Léinn.
- Moltaí ó thuismitheoirí/chaomhnóirí trí Chomhairle na dTuismitheoirí.
- Ionchur ón bhfoireann, aontaithe ag cruinnithe foirne.

Is é is polasaí na scoile oideachas réamhghníomhach ar bhulaíocht a chur ar fáil mar seo a leanas;

- ↪ Gheobhaidh Bl.1, 2, 3, oideachas ar bhulaíocht trí OSPA agus OSSP, a chlúdaíonn eolas ar bhulaíocht mar chuid den chúrsa. Faigheann daltaí an ATF eolas tríd an modúl ar Oideachas Sóisialta agus bíonn deiseanna ar cheist na bulaíochta a phlé ins na hardranganna Eolais Diaga.
- ↪ Labhraíonn Múinteoirí Ranga agus Múinteoirí Bliana lena ranganna faoi bhulaíocht agus tugann siad le fios dóibh go bhfuil siad ar fáil chun éisteacht leo agus chun cabhráithe le haon tarlú.
- ↪ Labharíonn na Ceannairí lena ranganna á gcur ar an eolas go bhfuil tacaíocht piara ann dóibh má tharlaíonn bulaíocht.
- ↪ Leagfar béim go bhfuil fáil ar Chomhairleoir.
- ↪ Bainfidh an Príomhoide Tánaisteach agus an Múinteoir Bliana úsáid as cheistneoir réamh-ullmhaithe agus iad i mbun fiosraithe ar eachtraí bainteach le bulaíocht trí labhairt leis na daltaí duine ar dhuine. (Féach ar aguisín X chun cóip de seo a léamh).
- ↪ Déanfar iarracht speisialta ag tús an téarma le Bliain a hAon. Bainfear úsáid as phlean boird chun leithleisiú a sheachaint. Athrófar é seo gach leath téarma.
- ↪ Ainmnófar páirtí d'aon dalta a chláraíonn déanach. Beidh an duine seo sa ghrúpa céanna chomh fada agus is féidir.
- ↪ Tá monatóireacht piara ar siúl faoi láthair.
- ↪ Spreagtar athneartú dearfach iompair ar mhaithe le pobal na scoile trí nótaí sa dialann agus córas Dalta na Scoile.
- ↪ Beidh cainteanna agus taispeántais ó aoichainteoirí ag ranganna ag brath ar infhaighteacht agus deis.

An Fhoireann Tréadchúraim:

Is é an slabhra tacaíochta atá anseo ná: Daltaí eile/Ceannairí/Múinteoir Ranga/Múinteoir Bliana/ Príomhoide Tánaisteach/Príomhoide.

Beidh fáil ar Mhúinteoir Treoir-Ghairme/Séiplíneach agus comhairleoirí lasmuigh de phobal na scoile.

Roinn B: Maoirseacht agus Monatóireacht:

- Eagraítear féitheoireacht ar bhonn róta.
- Déanfaidh múinteoirí agus comhairle na mac léinn ag obair le chéile gach iarracht ar na háiteanna go bhfuil baol bhulaíochta iontu a aithint.
- Tá iarrtha ar fhoireann choimhdeach na scoile bheith san airdeall agus tuairisc a dhéanamh ar aon tarlú.
- Ba cheart go gcabhródh na céimeanna réamhghníomach le frithbheartú iompair bhulaíoch.
- Tá Polaisí Úsáide Inghlactha ICT na scoile sínithe ag gach dalta (Cóip ar fáil in aguisín Y).

Roinn C: Céimeanna atá le glacadh maidir le dul i ngleic le heachtraí bulaíochta:

- Ba chóir go bpléifeadh daltaí aon tarlú bulaíochta le múinteoir nó duine fásta iontaofa eile laistigh de chóras na scoile. Is iompar freagrach é seo - ní insint scéalta é.
- Ba cheart do thuismitheoirí/caomhnoirí dul i dteagmháil leis an scoil/Múinteoir Bliana/Príomhoide Tánaisteach/Príomhoide faoi aon iompar bulaíochta go bhfuil tuairim acu faoi nó gur chuala said faoi óna bpáistí nó ó thuismitheoirí eile.

Déileálfar le haon tarlú bulaíochta is cuma cé chomh neafaiseach a díritear aird an mhúinteora air mar seo a leanas:

- Cuirfidh pearsanra cuí na daltaí *go léir* sa tarlú bulaíochta faoi agallamh.
 - Labrófar leis an íospartach líomhnaithe agus déantóir na coire líomhnaithe agus spreagfar iad chun an fhadhb a réiteach.
 - Tabharfar cuireadh don íospartach agus déantóir na coire líomhnaithe aon sonraí ábhartha a scríobh síos. Comhdófar na tuairiscí scríofa ó gach éinne a bhí páirteach sa tarlú.
 - Déanfar na hagallaimh le goilliúnacht ag tógaint san áireamh cearta gach dalta a bhí bainteach leis an tarlú.
 - Coimeádfar cuntais ar gach tarlú agus ar na nósanna imeachta a leanadh.
- Coimeádfar na Múinteoirí Bliana/Ranga ar an eolas faoi gach tarlú agus beidh teacht acu ar na cuntais scríofa cuí.
- Déanfaidh an Múinteoir Bliana monatóireacht ar dhul chun cinn na ndaltaí a bhí bainteach leis an tarlú trí chomhthadhall le múinteoirí ranga agus na daltaí má cheaptar go bhfuil gá leis.
- Nuair a cheaptar gur mion eachtra é tabharfar rabhadh ó bhéal don bhulaí stop a chur lena iompar neamhfhóirsteanach, ag taispeáint dó/di go bhfuil an Cód iompair á bhriseadh aige/aici agus ag iarraidh air/uirthi an scéal a thuiscint ó thaobh an íospartaigh. Más gá cuirfear glaoch ar na thuismitheoirí go léir.
- Má leanann an bhulaíocht, cuirfear an Múinteoir Bliana agus thuismitheoirí/caomhnóirí an íospartaigh agus déantóra na coire ar an eolas. Sa

tslí seo beidh deis acu an scéal a phlé agus beidh siad ábalta cabhrú agus tacú lena leanaí sula dtarlaíonn géarchéim. Cuirfear smachtbhannaí cuí i bhfeidhm.

- Má tá tarlú tromáí i gceist (m.sh fogha leanúnach briathartha nó comhéigean) ba cheart tuairisc a thabhairt faoin tarlú díreach don Phríomhoide Tánaisteach nó an Príomhoide. Beidh na tuismitheoirí/caomhnoirí bainteach leis an scéal agus cuirfear smachtbhannaí cuí i bhfeidhm.
 - Aistarraingt pribhléidi m.sh. ar choimeád am lóin nó tráthnóna Dé hAoine, Ar thuairisc, gan cead dul ar thurasanna scoile.
 - Smachtbhannaí eile a mheasfar a bheadh oiriúnach.
 - Fionraí.
 - Díbirt.
- Sa chás go bhfuil gearán i gcoinne ball den fhoireann ba cheart é seo a chur in iúl don Phríomhoide láithreach bonn.
- Sa chás nach féidir teacht ar réiteach cibé dalta nó múinteoir atá i gceist cuirfear an scéal faoi bhráid an Bhord Bainistíochta
- Má theastaíonn ó thuismitheoir/chaomhnoir, dalta, nó múinteoir achomharc a dhéanamh is féidir leis athbhreithniú a lorg i scríbhinn ón bPríomhoide.

Gníomhartha le féachaint orthu tar éis tarlaithe bulaíochta:

- Íospartaigh agus déantóirí bulaíochta a chur le haghaidh comhairleoireachta.
- I gcásanna leanúnacha cabhair a lorg ó ghníomhaireachtaí seachtracha m.sh. NEPS
- Ní bheidh an t-eolas ar coimeádadh cuntas air ar fáil ach do bhainistíocht na scoile, an múinteoir ainmnithe agus an comhairleoir más gá. D'fhéadfaí eisceacht a dhéanamh do chás cúirte.

Naisc le Beartais eile agus le Saothrú Curaclaim

Ta an polasaí seo cónasctha le:

- Cód Iompraíochta
- Cosaint Leanaí
- Sábháilteacht Idirlín; Polasaí Úsáide Inghlactha I.C.T.
- Sláinte agus Sábháilteacht

Nasc le saothrú curaclaim:

- OSPS (Pléitear saincheist na bulaíochta i ngach ceann de na trí bliana a bhaineann le clár OSPS na sraithe sóisirí)
- OSSP
- ATF
- Cainteoirí

Socrúithe, Rólanna agus Freagrachtaí um Chur i bhFeidhm

Athraíonn cur i bhfeidhm an pholasaí ag brath ar ról an duine a bhíonn bainteach leis:

- ✓ **Múinteoirí Ranga/Bliana;** Ní foláir do gach múinteoir ranga agus múinteoir bliana a bheith géarshúileach agus airdeallach d'aon saghas bulaíochta.
- ✓ Solátharaíonn **Múinteoirí OSPS/OSSP** oideachas ar bhulaíocht mar chuid de chúrsa an Teastais Sóisearaigh
- ✓ **Comhairleoir na Scoile;** Leagtar béim ar infhaighteacht an Chomhairleora.
- ✓ **Príomhoide Tánaisteach;** Cuireann sé/sí na daltaí faoi agallamh ag baint úsáide as an gceistneoir réamh-ullmhaithe (le cabhair ón Múinteoir Bliana); Déileálann sí go díreach le haon tarlú bulaíochta a ndírítear a haire air.
- ✓ **Príomhoide;** Déileálann sé/sí le cásanna bulaíochta a ndírítear a haire air ag baint úsáide as na céimeanna leagtha amach i Roinn C.
- ✓ **An Bord Bainistíochta;** Déileálann siad le cásanna bainteach le daltaí nó múinteoirí nach féidir a réiteach sa scoil.
- ✓ **Tuismitheoirí/Caomhnóirí;** (den íospartach agus déantóir na coire). Coimeádfar ar an eolas iad má cheaptar go bhfuil sé leanúnach nó tromaí; B'fhéidir go n-iarrfaidh siad achomharc ar an gcás trí scríobh chuig an bPríomhoide.

Frithbhulaíocht: Ceimeanna le leanúint maidir le Múinteoirí agus an Fhoireann Choimhdeach

Cad tá le déanamh má tharlaíonn bulaíocht?

Níl aon leithscéal do bhulaíocht. Caithfidh íospartach na bulaíochta a thuiscint go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb agus nach féidir neamhchúram a dhéanamh di. Má déantar neamhchúram di b'fhéidir go gceapfadh déantóir na coire gur iompar inghlactha é. Go minic braitheann íospartaigh bulaíochta leithlisithe agus neamhchinnte den leigheas cuí nó cé uaidh a gheobhaidh sé/sí an chabhair atá uathu. Braithfidh an nós imeachta cuí ar cé chomh tromchúiseach is atá an scéal agus measúnú ar an gcabhair a bheidh riachtanach chun an fhadhb a réiteach. B'fhéidir go gcabhródh na céimeanna seo leanas le múinteoir atá ag fulaingt bulaíochta:

1. Déan iarracht an taithí a anailísiú go hoibiachtúil. Loirg na comharthaí a luadh cheana. Ba cheart duit idirdhealú idir “gnáth theannas idirphearsanta” agus bulaíocht. Ullmhaigh straitéis.
2. Más féidir leat labhairt go díreach leis an mbulaí, taispeáin na torthaí agus cur ina luí air/uirthi go gcaithfidh sé stopadh. B'fhéidir go gcreideann an déantóir i ndáiríre go bhfuil a iompar inghlactha. B'fhéidir go mba ghá a rá má leantar den bhulaíocht go gcaithfidh tú gearán foirmeálta a dhéanamh le húdarais na scoile. Bí socair neamhchoimhlinteach ach forránach.
3. Ba cheart duit labhairt le leathbhádóir iontaofa ag lorg comhairle agus tuairim oibiachtúil. B'fhéidir go mbeadh ar chumas an duine seo idirghabháil go neamhfoirmeálta.
4. Má leanann an bhulaíocht ba chóir duit cuntas scríofa a choimeád ar dhátaí, uaireanta agus finnéithe d'aon tarlú nó iarracht ar theacht ar réiteach. B'fhéidir go mbeadh sé

- úsáideach iarraidh ar fhinnéithe cuntas a choimeád dá mbreathnóireacht.
5. Íocfaidh an VHI agus comhlachtaí árachais sláinte eile as chomhairleoireacht. Tá breis eolais ar an scéim seo le fáil i ráiteas sláinte agus sábháilteachta na scoile.
 6. Muna bhfuil aon réiteach ar an bhfadhb b'fhéidir go dtógfaí cinneadh tuairisc foirmeálta nó neamhfhoirmeálta a dhéanamh le húdaráis na scoile agus le hOifigeach Ciapach. Bheadh idirghabháil ó na húdaráis chun an fhadhb a réiteach nó cinneadh dul ar aghaidh le fiosrú foirméalta mar thoradh ar seo.
 7. Tá ionadaíocht agus comhairle rúnda le fáil ón maor scoile agus/nó ó oifigigh caidrimh thionsclaíoch san ASTI.
 8. Tá an scéim EAS ar fáil saor in aisce ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Uimhir Gutháin 1800 411 057.
 9. I gcás go mothaíonn múinteoir/ ball den fhoireann Choimhdeach/ ball den mBord Bainistíochta go bhfuil scoláire/ tuismitheoir ag déanamh bulaíocht orthu ba chóir dóibh Céimeanna 1- 4 a leanúint.

Daingniú agus Cumarsáid

Ghlac an Bord Bainistíochta an polasaí athbhreithnithe ar an _____

Tugadh an polasaí daingnithe do Chomhairle na Mac Léinn ar an _____

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar an _____

Dáta um chur i bhfeidhm

Tógtar aird sa pholasaí seo ar Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna (Ciorclán 0065/2011).

Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais

- Cuirfear an polasaí seo ar chlár oibre chruinnithe foirne ar a laghad uair amháin i rith gach scoilbhliain, bliana.
- Cuirfear an polasaí ar chlár do chruinnithe Chomhairle na dTuismitheoirí agus Chomhairle na Mac Léinn go bliantúil.

Athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar an mbeartas

- Déanfar athbhreithniú agus measúnú ar an bpolasaí go bliantúil mar thoradh ar é a bheith ar chlár oibre chruinnithe foirne ar a laghad uair amháin i rith gach scoilbhliain.
- Déanfar athruithe air más gá i bhfianaise iompar bulaíochta a tharla.
- Tógfaidh an athbhreithniú leanúnach agus measúnú san áireamh eolas nó teoracha ar athruithe ón Roinn Oideachais agus NEPS nó aiseolas ó thuismitheoirí/chaomhnoirí, daltaí, múinteoirí agus daoine nach iad.
- Úsáidfear na leideanna in aguisín Z chun athbhreithniú iomlán a dhéanamh nuair a mheastar go bhfuil gá leis.

Aguisín Z

Leideanna :

- Cé mhéid ama a fhágfar idir athbhreithniú an bheartais agus aon leasú is gá a dhéanamh.
- Aithin roinnt táscairí praiticiúla a úsáidfear chun tionchur agus éifeacht an bheartais a thomhas. Ar na samplaí a d'fhéadfadh a bheith ann, áirítear a mhéid;
 - atá daltaí, baill foirne agus tuismitheoirí/caomhnoirí ar an eolas faoin mbeartas mar shampla, tríd an gCód Frithbhulaíochta a chur ar taispeáint go feiceálach sa scoil.
 - a deineadh gníomh praiticiúil chun bulaíocht a chosc.
 - a cuireadh tionscnaimh i bhfeidhm chun comhionannas a chur chun cinn agus éagsúlacht a dheimhniú.
 - a cuireadh na nósanna imeachta maidir le taifeadadh imscrúdú agus déileáil le tarlaithe a tuairiscíodh a chur i bhfeidhm.
 - Fuarthas aiseolas dearfach ó dhaltaí, tuismitheoirí/caomhnoirí, baill foirne maidir leis an mbeartas frithbhulaíochta agus a chur i bhfeidhm.
 - Laghdaíodh iompraíocht bhulaíochta (d'fhéadfaí táscairí a fhorbairt anseo chun imscrúdú a dhéanamh ar chineálacha áirithe iompraíochta bulaíochta a saindiríodh orthu faoin mbeartas, mar bhulaíocht homafóbach nó cibearbhulaíocht).
- Smaoinigh an bhféadfadh aon cheann de na rudaí seo a leanas tacú leis an bpróiseas athbhreithnithe agus meastóireachta.
 - Suirbhé rúnda a dhéanamh ar dhaltaí agus ar bhaill foirne.
 - Aiseolas ó Chomhairle na Mac Léinn, nó ó ghrúpa daltaí, meantóirí, cinnirí.
 - Breathnadóireacht ar iompraíocht i seomraí ranga, pasáistí, clós scoile.
 - Aiseolas ó thuismitheoirí/caomhnoirí, san áireamh ag cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí. (Má tá aiseolas ó thuismitheoirí á lorg, ba chóir é sin a dhéanamh ag am den bhliain a fhágfaidh dóthain ama chun na saincheistean a phlé i.e. níor chóir é seo a dhéanamh ag deireadh na bliana.
 - Bosca tuairimí/moltaí.